

Sealbhú aaus Saibhriú Teanaa sa Naíonra

04 Bealtaine 2021

#ForbairtGaeloid

Gaeloideachas

Guth don Oideachas lán-Ghaeilge agus Gaeltachta

An Painéal

- **Dr Tina Hickey**

Ollamh Comhlach, Scoil na Síceolaíochta UCD

- **Máire Uí Mhurchú**

Iarstiúrthóir Naíonra Neasáin & Teagaisceoir Institiúid Oideachais Marino



#ForbairtGaeloid

Gaeloideachas

Guth don Oideachas Ián-Ghaeilge agus Gaeltachta

Éascaitheoir

- Máire Mhic Mhathúna
  Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath

#ForbairtGaeloid

Gaeloideachas
Guth don Oideachas lán-Ghaeilge agus Gaeltachta

Sealbhú agus Saibhrú Teanga i measc Páistí Óga sa Luaththumoideachas

Dr. Tina Hickey

Scoil na Síceolaíochta UCD

4ú Bealtaine 2021

Treoir

1. An luath-thumadh -suíomh an-chasta!
2. Sealbhú na Gaeilge sa luaththumoideachas
3. Gníomhaíochtaí an naíonra agus an T2
4. Ionchur & Aiseolas Ceartaitheach
5. Saibhriú agus grúpáil solúbtha
6. Achoimre & Moltaí

1. An Múinteoir sa Luathoideachas

"**High-quality early years' education** is characterized as having

- clearly defined aims and objectives;
- a central role for play and talk;
- a developmentally appropriate
- curriculum for physical, social, emotional, and
- intellectual development
- with regular curriculum review;
- well-trained teachers working under knowledgeable supervision;
- small groups with a low pupil–teacher ratio;
- and meaningful participation by parents as educational partners (see Gammage 2006; Lim-Ratnam 2013)."

Hickey (2021)

Schwartz, M. (Ed.). (2020). *Handbook of Early Language Education*. Springer. https://link.springer.com/referencework/10.1007/978-3-030-47073-9#toc

Aidhmeanna an pháiste sa naíonra

Réimse cúlraí: páistí faoi mhíbhuntáiste;
Réimse cumais chognaíoch; ***Réimse cumais teanga***

Spraoi

Bheith lena chairde

Bheith neamhspleách

Bheith Slán

Múinteoir a shásamh

Sóisiálú

GAEILGE??

Fiosrú

Í/É fhéin a chur in iúl

Foghlaim

An Múinteoir Tumoideachais agus ..Ginger Rogers?

"Má dhéantar ginearálú ar sholáthar an chórais aonteangaigh gan saintréithe an tumoideachais a chur san áireamh go héifeachtach, bíonn baol teip nó laige ann dá thoradh." **Nig Uidhir (2001: 196)**

" ....gá le modhanna múinte ***a chur in oiriúnt don tumoideachas,*** in ionad iarracht a dhéanamh an curaclam céanna a mhúineadh ***ar an mbealach céanna ach amháin trí mhéan an dara teanga."*** **Snow (1987)**

Schwartz, M. (Ed.). (2020). *Handbook of Early Language Education*.
Springer. https://link.springer.com/referencework/10.1007/978-3-030-47073-9#toc

'Straitéisí oideolaíocha a chothaíonn teanga' ***Language-conducive pedagogical strategies'***

'An leanbh mar Ghníomhaire '*'Child Agency'*

'Tuairimí an Mhúinteora' *'Teacher beliefs'*

Beidh mé ag tarrach inniu ar sonraí ó:

Hickey, T. M. (2021). Heritage Language Early Years' Immersion: Irish-Medium Preschools in Ireland. In *Handbook of Early Language Education* (pp. 1-30). *doi:10.1007/978-3-030-47073-9_15-1

Hickey, Tina and de Mejia, Anne-Marie (Ed.). (2015) *Immersion Education in the Early Years.* Abingdon Oxford: Routledge. https://www.researchgate.net/profile/Tina-Hickey/publications

Hickey, T. M., Lewis, G., & Baker, C. (2014). How deep is your immersion? Policy and practice in Welsh-medium preschools with children from different language backgrounds. *International Journal of Bilingual Education and Bilingualism*, *17*(2), 215-234. https://www.researchgate.net/publication/262522819_How_deep_is_your_immersion_Policy_and_practice_in_Welsh-medium_preschools_with_children_from_different_language_backgrounds

Hickey, T.M. (2007) 'Children's language networks and teachers' input in minority language immersion: What goes in may not come out'. *LANGUAGE AND EDUCATION,* 21 (1):46-65. http://www.ucd.ie/psychology/staff/Publications/Language-and-Education-2007-Hickey-Childrens-Networks.pdf

Hickey, T. M. (2003) Cad a mheallann Gaeilge ó pháistí sa luath-thumoideachas? ***Taighde agus Teagasc*,** 3, 186-202. https://www.researchgate.net/publication/301858021_Cad_a_mheallann_Gaeilge_o_phaisti_sa_luath-thumoideachas_What_elicits_Irish_from_children_in_early_immersion_Taighde_agus_Teagasc_3_3186-202

Hickey -Staidéar Náisiúnta ar na Naíonraí *Tr. Ghaeilge & Tr. Chognaíoch (N=225)*
Suirbhé na dTuismitheoirí (N=1807)
Suirbhé na Stiúrthóirí (N= 162)
https://www.researchgate.net/profile/Tina-Hickey/publications



Hickey Staidéar Dianbhreathnaithe *Dianbhreathnú ar 60 Spriocleanbh Suirbhé na Stiúrthóirí Gaeltachta (N=68)*
Agallamh ar Stiúrthóirí na Spriocleanaí
Suirbhé na dTuismitheoirí
https://www.researchgate.net/profile/Tina-Hickey/publications



2. Sealbhú na Gaeilge sa Naíonra: Mhic Mhathúna (2011)

- Bíonn an leanbh ag éisteacht leis an gcaint timpeall air agus léiríonn sé an tuiscint trí ghníomh oiriúnach a dhéanamh nó trí fhreagra oiriúnach a thabhairt sa mháthairtheanga.
- Úsáideann an leanbh focal Gaeilge in abairt Bhéarla.
- Úsáideann an leanbh frása nó abairt a cuireadh ar fáil di do ghníomhaíocht nó do ghnás ar leith.
- Labhraíonn an leanbh as a stuaim féin. **B'fhéidir go mbíonn sé míchruinn i dtosach, beidh sé ag baint triail as foirmeacha éagsúla de na focail agus de chomhréir na habairte.**

(Mhic Mhathúna, M., 2011, 23, 24)

2.2

Gníomhartha Cainte i nGaeilge

(Speech Acts)



Difríochtaí in úsáid na Gaeilge sa naíonra

(Hickey 2003)

Foghlaimeoirí an T2	**Cainteoirí Dúchais**
Foirmlí/Deasghnátha (38%)	Ráitis (36%)
Freagraí (22%)	Freagraí (20%)
Ráitis (18%)	Orduithe (9%)
Aithris (17%)	Foirmlí/Deasghnátha (9%)
	Meas./Mothúcháin (9%)
	Ceisteanna (8%)
	Guí/Iarr./Moladh (5%)
Orduithe (2%)	Aithris (4%)
	Eile (2%)

3. Gníomhaíochtaí a mheallann caint i nGaeilge ó leanaí?



3.2

=>Gníomhaíochtaí chun Gaeilge a mhealladh ó fhoghlaimeoirí an T2

Gníomhaíochtaí a mheallann Gaeilge:

- Cluichí le rialacha (m.sh. meaitseáil cártaí)
- Gníomhaíocht tí (am lóin, fágáil sláin)
- Scéalaíocht, rainn, ceol
- Grúpghníomhaíocht faoi stiúradh

- Teicnící modhnaithe iompraíochta (Behav-Modification) chun atreisiú dearfach a thabhairt d’úsáid na Gaeilge

3.3

Tuiscint an pháiste: G=‘ról an mhúinteora’?

Now suígí síos i gcomhar lóin anois leanaí. Seas suas, faigh ceann eile, cailín maith *(cailín ag troid le páiste eile)*

SOCRAIGH SÍOS!

Anois....

4. Ionchur: Tuairimí & Cleachtais múinteoirí *Teacher beliefs & practices*

”When it comes to classroom practice, teachers are the ultimate decision makers; everything they do is ***filtered through their prior experiences and knowledge, in addition to their beliefs, attitudes and perceptions***”

Lyster and Tedick (2014:218)

“[Teacher] Beliefs can influence pedagogical practices, and teachers may accept new approaches and teaching strategies to a more or less extent according to their beliefs.” Arocena Egaña, Cenoz and Gorter (2015)

Ceisteanna faoin Trasteangú:

Fortune & Tedick 2017; Hickey, Lewis, and Baker (2014);

4.2

Ionchur, Símpliú & Earráidí

“Teacher-student interaction holds much potential for promoting language development through questioning and feedback techniques”
Lyster & Tedick (2014:215)

Anailís ar ionchur ó mhúinteoirí => Gá le pleanáil chun sealbhú agus saibhriú a chinntiú thar réimse cumais

- Ordaithe símplithe an-choitianta ach b’annamh leathnú
- Símpliú le hearráidí m.sh. Iolraí/t. gin in easnamh....
- Aird na bpáistí á tarrach le ‘Hah!’ ‘‘Now!’ “Right!” gan leathnú
- Béim ar cheisteanna ‘Tá/Níl’ gan dul chuig cheisteanna oscailte
- Dathanna srl. an-chúng fiú do pháistí níos líofa nó téarma i mBéarla

Ionchur símplithe le hearráidí–Sampla

- STR: xx ar bríste atá ar D?
- C: bán
- C: glas
- STR: glas, an dath atá ar do xx!
- C: glas
- CSR: agus **<u>bróga *bán, bróga *bán</u>** agus tá ribín uirthi, tá
- **TC: agus tá *purple* air**
- **CSR: cinéal **purple* sea**

***Aidiacht gan iolra x 2 – chun cloí leis an bhfoirm 'bán' ?**

Gan focal nua a mhúinadh nuair a thaispeáin an leanbh bearna ina fhoclóir

Aiseolas le leasú (corrective feedback)

Aiseolas luachmhar (e.g Lyster & Ranta(1997); Long (1996);
go minic mar Leagan Leasaithe (recast)

⇒ **Aiseolas a mheallann**

1) aird an pháiste & 2) (níos déanaí) féin-cheartú

Thomas, Appolloni & Lewis, 2013, Lee & Lyster (2016); Lyster & Tedick (2014));
Lyster & Mori, 2006; Palmer et al. 2014)

Aiseolas: leathnú &/nó leagan ceart

Féin-cheartú

An Fhírinne nó/AGUS an Fhoirm?

G3: **all girls go out.**

I'm in the girls' one *(naprún)*

STR: hah!!*(míshásta leis faoin masla)*

G3: **seo *cailíní ceann!** *(ag casadh ar Ghaeilge toisc gur thuig sé a míshástacht leis mar éileamh Gaeilge a labhairt)*

STR: ní hea, mar a chéile iad ar fad!

Ag díriú ar an bhfírinne amháin, gan aon leagan leasaithe a sholáthar ar abairt an pháiste

4.6 •**G1:** **cead agamsa uisce?**

•**G1:** **<u>Máistreás</u> - cead agamsa uisce?**

•STR: **no níl, cailín maith**.

•L: tá mise ag iarraidh péinteáil.

•L: cead agam dul ag péinteáil?

•**G1:** **but don't let any xx.**

•L: Ainm!

•L: Name 's going painting!

•**G1:** **Name! Name's going painting! (don Str)**

• L: Name 's going xx (loudly).

•**G1:** **Name 's going painting!**

•**G1:** **tusa?** (do pháiste eile)

•L: you keep xx.

•**G1:** **oh yeah I xx painting.**

•**G1:** **# maistín?@ ní raibh ag péinteáil** (ag gearáin)

•STR: ní raibh tusa ag péinteáil inné an raibh?

•**G1:** **no**

Tá an claonadh sa chine daonna díriú ar an <u>bhfírinne seachas ar an bhfoirm</u>

Leathnú ar abairt an pháiste

4.7 Daoine fásta a dhiúltaíonn cabhrú leat de bharr -?

STR: ‘***Bhfuil tusa ag iarraidh ceann?***

Tú ag iarraidh muirín, b’ea?

TC **Will you give me that nother shell please?**

STR ***‘Tá mise ag iarraidh ….-?’……muirín*** *(múnlú mar shampla di)*

TC **Will you give me that nother shell?**

STR ***Muirín*** (méar air, ag múineadh focail)

TC **Will you give me that nother shell? ……..**

I didn’t say please! (dí féin)

STR ***Tá mise ag iarraidh na sceana mara*** *x 2 (múnlú)*

TC **Give me that nother shell <u>PLEASE</u>**

STR ***Tá mise ag iarraidh na sceana mara***

TC **I said – I SAID please!**

Gimme some! (don pháiste in aice lei)

Ionchur oiriúnach & sealbhú teanga

Faigheann paistí ionchur níos oiriúnaí dóibh féin nuair atá siad i ngrúpaí beaga faoi stiúradh.

Saville-Troike 1983, Mhic Mhathuna 1995 Hickey 1999

Símpliú & Leathnú d'fhoghlaimeoirí,

Saibhriú do chainteoirí le cumas níos airde

'Tá sé i bhfad nios éasca tascanna cumarsáideacha a fhorbairt do bheirt, agus déanann na páistí níos mó cainte.

Molaimid an obair bheirte, go háirithe i scoileanna Gaeltachta agus scoileanna LánGhaeilge'

Harris et al. (1997:10)

5. Grúpáil & Saibhriú
Méan-Úsáid na Gaeilge %



5.2

- Mhic Mhathúna (1995) fuair na páistí **níos mó d'ionchur oiriúnach** sa dá naíonra a bhí á scrúdú aici **nuair a bhí siad eagraithe i ngrúpaí beaga leis an Stiúrthóir.**
- Saville-Troike (1983) faigheann páistí an t-ionchur is fearr agus is mó nuair atá siad i **ngrúpaí beaga leis an duine fásta.**
- Chruthaigh Wong Fillmore (1982, 1985) gur fearr meascán den obair i ngrúpaí agus den obair aonair sa naíscoil ina bhfuil páistí ag sealbhú an dara teanga, mar thaispeáin sí gurb é an grúpa ina bhfuil an múinteoir páirteach an ghrúpáil is fearr chun ionchur oiriúnach sa dara teanga a sholáthar, agus chun caint sa dara teanga a mhealladh ó na páistí.

Straitéisí éifeachtacha

I. *Spriocanna éagsúla do pháiste/í le leibhéal cumais níos airde agus iad páirteach sa ghníomhaíocht chéanna (m.sh foclóir níos leithne* (m.sh dathanna/baill choirp)

II. *Grúpáil solúbtha de réir cumais teanga ar thascanna áirithe theangalárnacha (m.sh cúinne baile)*

III. *Pleanáil chun Ionchur oiriúnach a sholáthar (réimse)*

IV. *Tacaíocht/Rannpháirtíocht na dtuismitheoirí a lorg chun tacú le foirmlí áirithe*

6. Moltaí

- **Plé:** Tuairimí an mhúinteora a fhiosrú maidir le símpliú, aiseolas ceartaitheach...
- **Pleanáil:** Gníomhaíochtaí curtha in oiriúint le r*éimse spriocanna teanga*
- **Grúpáil:** sealbhú *agus* úsáid na Gaeilge a chothú, smaoineamh ar shaibhriú do leanaí le cumas níos airde
- **Scéalaíocht** - spéis a chothú sa léitheoireacht => sealbhú & saibhriú foclóra & teanga
- **Cumarsáid rialta le tuismitheoirí** maidir le frásaí, amhráin srl chun tacaíocht a lorg uathu

6.2

Sealbhú na Gaeilge mar T2
Teicnící éifeachtacha luatha

- **Foirmlí –** aithris & athrá ar dtús chun iad a threisiú
- **Foirmlí a leathnú** (‘Repetition with minor modification’ Wong Fillmore 1985:38) chun iontaisiú a sheachaint (fossilisation) *m.sh Líne ó rann/amhrán a úsáid sa chaint ‘tá Máire ag an doras/bíp bíp bíp ag adharc an bhus’*
- ‘**Focused contrast, modeling, event casting, open questions, expansions, recasts, prompted initiations and scripted play**’ (Ó Duibhir 2019; Ní Dhiorbháin & Ó Duibhir 2017; Lyster 2004....*Bunce 1995)*

  Ní leor timpeallacht spreagúil a sholáthar - tá straitéisí eile de dhíth chun *aird na bpáistí a dhíriú ar úsáid teanga agus ar thréithe teanga*. M.Sh:

  Múnlú: Dearg, sin dearg. Nó ‘Is ainmhí é Barney, ní fear é’

  Cur síos leanúnach (Event casts): ‘Féach tá mé chun seasamh suas anois.. Tá tuirse orm, anois tá mé chun suí síos.’

  Codarsnacht d’aon ghnó: ‘deir tusa ‘look’ ach deirimse ‘féach’

  Ceisteanna oscailte ‘Meas tú **cá** bhfuil siad ag dul (sa phictiúr seo)?’

  Leathnú ‘Mise péinteáil’ ‘**TÁ, Tá tusa ag** péinteáil.

  Freagra/ráiteas spreagtha: “Go dtí an-?” Abair leis ‘is liomsa é’’

  Athleagan: an-luachmhar nuiar a thugann múinteoirí leaganacha éagsúla dá ráiteas féin m.sh. Tá mé ag léamh. Féach tá mé ag léamh leabhair. Tá mé ag léamh leabhair nua.

Saibhriú

- Pleanáil teanga – Cúrsaí teanga a chur san áireamh le gach gníomhaíocht - iomlánú
- Grúpáil solúbtha –> dúshlán breise a sholáthar
- Scéalaíocht + Fíorleabhair a úsáid go minic, go háirithe scéalta a bheadh acu cheana féin (na 3 Bhéar srl).
- Ionchur oiriúnach (saibhir) a sholáthar dóibh
  - Focail a úsáid i gcomhthéacsanna nua - úsáid éagsúla a bhaint as focail. Ní hamháin go mbeadh liosta focal i gceist mar ‘srón súil, béal srl’ ach dúshlán breise mar ‘taispeáin dom ‘séid do shrón’’.
- Comhrá faoina saoil féin *leathnaithe*
- Puipéid a úsáid & drámaíocht
- Tascanna cumarsáideacha a dhíríú ar earráidí (i ngan fhios) go luath ‘Srón – cá bhfuil mo shrón’
- Líon Focal

Go n-éirí libh

- Grma!

tina.hickey@ucd.ie

https://www.researchgate.net/profile/Tina-Hickey

nó

http://www.ucd.ie/psychology/staff/TinaHickey.htm

Hickey, T. M. (2021). Heritage Language Early Years' Immersion: Irish-Medium Preschools in Ireland. In *Handbook of Early Language Education* (pp. 1-30). doi:10.1007/978-3-030-47073-9_15-1

Hickey, Tina and de Mejia, Anne-Marie (Ed.). (2015) *Immersion Education in the Early Years.* Abingdon Oxford: Routledge. http://https://www.routledge.com/Immersion-Education-in-the-Early-Years/Hickey-Mejia/p/book/9781138182899

Hickey, T. M., Lewis, G., & Baker, C. (2014). How deep is your immersion? Policy and practice in Welsh-medium preschools with children from different language backgrounds. *International Journal of Bilingual Education and Bilingualism*, *17*(2), 215-234. doi:10.1080/13670050.2013.866629

Hickey, T.M. (2007) 'Children's language networks and teachers' input in minority language immersion: What goes in may not come out'. *LANGUAGE AND EDUCATION,* 21 (1):46-65. http://www.ucd.ie/psychology/staff/Publications/Language-and-Education-2007-Hickey-Childrens-Networks.pdf

Hickey, T. M. (2003) Cad a mheallann Gaeilge ó pháistí sa luath-thumoideachas? ***Taighde agus Teagasc*****,** 3, 186-202. https://www.researchgate.net/publication/301858021_Cad_a_mheallann_Gaeilge_o_phaisti_sa_luath-thumoideachas_What_elicits_Irish_from_children_in_early_immersion_Taighde_agus_Teagasc_3_3186-202

Hickey, Tina M. (1999) *Luathoideacheas trí Ghaeilge sa Ghaeltacht (Early Education through Irish in the Gaeltacht).* Dublin: Údarás na Gaeltachta & Institiúid Teangeolaíochta Éireann. http://hdl.handle.net/10197/3827

Hickey, Tina M. (1997) *Early Immersion Education in Ireland.* Dublin: Institiúid Teangeolaíochta Éireann/Linguistics Institute of Ireland. http://hdl.handle.net/10197/4003

Mhic Mhathúna, M., & de Siún, J. (2015). Pleanáil curaclam agus teanga sa naíonra [Curriculum and language planning in the naíonra]. In S. O hAdhmaill (Ed.), Ullamh: Lámhleabhar bainistíochta na luathbhlianta lán-Ghaeilge [Ready: Administrative handbook for Irishmedium early years' provision] pp. 27–39. FNT.

Mhic Mhathúna, M., & Mac Con Iomaire, M. (2013). Litríocht na n-óg sna naíonraí: Na luathbhlianta [The literature of the young in the naíonraí: The early years]. In C. Nic Lochlainn & R. Nic Congáil (Eds.), Laethanta gréine agus oícheanta sí: Aistí ar litríocht agus ar chultúr na nóg [Sunny days and enchanted nights: Essays on the literature and culture of the young]. Comhar.

Mhic Mhathúna, M. (2011). An Traein: Ag Aistriú ón Naíonra go dtí an Bhunscoil: Eolas agus Moltaí do Stiúrthóirí Naíonraí agus do Mhúinteoirí Gaeilscoileanna.

Painéal cainte 04/05/2021

Sealbhú agus Saibhriú Teanga sa Naíonra

Táimid chun féachaint ar:

- **Tábhacht na héisteachta**
- **Straitéisí Oibre (Moltaí)**
- **Pleanáil**
- **Obair le tuismitheoirí**

Tábhacht na héisteachta

Páistí ag éisteacht leis an nGaeilge timpeall orthu an t-am ar fad sa Naíonra.

Tumadh i nGaeilge tríd an teanga a chloisteáil agus timpeallacht shaibhir foghlama.

Múinteoirí ag éisteacht leis na páistí chun pleanáil a dhéanamh bunaithe ar ábhair suime na bp foghlaim a spreagadh agus fochlár cuí a fh

Tá breathnóireacht mar chuid den phróiseas seo freisin.

Tábhacht na héisteachta

Páiste	***Múinteoir***
Éisteacht	***Éisteacht***
Tuiscint	***Tuiscint***
Foirmlí/ meascadh cóid	***Pleanáil na hoibre***

Foghlaim / sealbhú /saor chaint

Straitéisí Oibre do Mhúinteoirí (Moltaí)

Gaeilge:

Bí cinnte:

- go bhfuil aon rud a scríobhann tú cruinn. Faigh duine ar bord chun cuidiú leat nó chun seo a dhéanamh duit, is fiú é.
- go bhfuil na nathanna /foirmlí cainte a úsáidtear go rialta cruinn agus an foghraíocht / fuaimniú i gceart ag gach ball foirne – déanann páistí aithris oraibh.
- Chun teanga a shaibhriú, caithfidh an bunchloch a bheith ann le tógáil air / scafall a dhéanamh air
- Is gá go gcloisfidh an leanbh an chaint chéanna go minic chun go rachaidh sé i bhfeidhm air agus go mbainfidh sé féin triail as, agus sin an bunchloch. Nuair atá sé seo sealbhaithe ag an bpáiste is féidir tógáil air agus an foclóir agus an saibhreas cainte a leathnú agus is féidir leis an páiste máistreacht a fháil ar an teanga

Ar lean.

- a bheith feasach ar na páistí atá sa Naíonra don dara bliain agus páistí go bhfuil Gaeilge acu sa bhaile. Tóg seo san áireamh agus pleanáil á dhéanamh do ghníomhaíochtaí agus teanga

Bainistíocht Teanga:

- Moltar ceist a chur seachas an Modh Ordaitheach a úsáid. Difear idir “Faigh” agus “Fáil” “Téigh” agus “Dul”.
- An bealach a ndéantar tógáil a na frásaí foirmlí cainte - Cé leis é seo? Cé leis an mála seo? Cé leis an mála scoile seo? Cé leis an mála scoile dearg seo?

Ar Lean•

Buanna:

- Bain úsáid as na buanna atá agat féin agus ag an bhfoireann (Play to your strengths). Bíonn buanna éagsúla ag gach ball den fhoireann. Faigh bealach oibre a oibríonn duit féin agus don fhoireann.

- Má thaitníonn bealach oibre leat, beidh tú níos compordaí ag oibriú leis agus beidh toradh níos fearr ar do chuid oibre.

- Bíonn Naíonraí áirithe agus bíonn a lán ceoil nó ealaíne nó scéalaíochta /puipéad/drámaíochta iontu i gcomparáid le Naíonraí eile agus seo rogha foirne ar chúiseanna ar leith, ach bíonn toradh na hoibre mar an gcéanna – páistí ag sealbhú na Gaeilge.

Ar Lean

Pleanáil:

- Tá pleanáil na hoibre agus an churaclaim mar chroílár na hoibre in aon ionad luath- oideachais, agus sa Naíonra bíonn pleanáil teanga san áireamh leis an bpleanáil seo.
- Bíodh plean teanga ann do gach gníomhaíocht, frásaí a úsáidtear, foclóir – trealamh agus gníomh (actions), scéalaíocht a dhéantar go minic leis an ngrúpa ar fad . Bíonn seo úsáideach i gcás baill nua foirne
- B’fhéidir plean níos leithne a bheith ann do pháistí atá sa Naíonra don dara bliain nó do pháistí atá á dtógáil le Gaeilge.
- Tá eolas againn go léir maidir le cineálacha éagsúla pleanála, fad-théarmach, gearr-théarmach agus pleanáil éiritheach /ar an toirt. Ach sa Naíonra tá pleanáil teanga chomh tábhachtach leo.
- c

Ar Lean.

B’fhéidir gur eascair an pleanáil éiritheach as:

- éisteacht le comhrá na bpáistí
- breathnóireacht déanta orthu ag spraoi
- eachtra a tharla sa bhaile a luaigh na tuismitheoirí/ páistí
- ábhar atá ag déanamh imní do pháiste amháin
- easpa forbartha páiste faoi leith nó grúpa páistí

Seans go mbeidh trealamh nó aiseanna breise ag teastáil chun an plean a chur i gcrích

. Samplaí de phleanáil ar an toirt.

Bláthanna deasa buí **(https://player.vimeo.com/video/224450382) agus *Gruaig Chatach* https://player.vimeo.com/video/224450150** .

Tá neart teimpléid ar fáil in Aistear agus ó shuíomh an NCCA do gach saghas pleanála

Ag obair le tuismitheoirí

Straitéisí chun cuidiú le tuismitheoirí a bheith rannpháirteach i gcuid foghlama a bpáistí agus iad ag sealbhú na Gaeilge sa Naíonra. Ba chóir go mbeadh cur chuige gníomhach comhpháirtíochta idir an Naíonra agus na tuismitheoirí. Beidh a bhealach oibre féin ag gach Naíonra maidir leis na tuismitheoirí.

“**Is iad na tuismitheoirí na daoine is tábhachtaí le linn luathbhlianta an linbh” (CNCM 2009:7).**

An moladh a bheadh agam ná gan an iomad nótaí a sheoladh abhaile.

Aimsigh bealach chun eolas a roinnt ionas nach mothóidh na tuismitheoirí faoi bhrú nó nach éireoidh siad bréan díobh.

Bíonn na rudaí seo a leanas cabhrach chun an Ghaeilge agus an obair a choimeád “beo sa bhaile”.

- Nuacht litir, uair sa mhí ? sa téarma?
- Grúpa What’s App a eagrú
- Cuireadh teacht isteach chun fanacht leis an páiste (Covid gan a bheith san áireamh)

Ar lean

- Moladh a thabhairt cleachtadh a dhéanamh ar na frásaí /focail a chuirtear abhaile
- Liosta dlúthdhioscaí a úsáidtear sa Naíonra a thabhairt dóibh, iad a sheinm sa charr
- Leabhair a mholadh le léamh sa bhaile
- Moladh éisteacht le Radio na Gaeltachta, TG4
- Eolas faoi ábhar tacaíochta a chur ar fáil
- Tuismitheoirí a spreagadh pé Gaeilge atá acu a úsáid

Críoch

Tá tuismitheoirí ag tabhairt bronntanas den scoth dá bpáistí nuair a ghlacann siad an cinneadh go mbeidh siad ag freastal ar Naíonra Is í **an Ghaeilge** an bronntanas sin.

Tá sé mar dhualgas orainn –ne mar mhúinteoirí, an bunús is fearr a thabhairt dóibh sa teanga agus í a thabhairt dóibh ar bhealach spraíúil , spreagúil agus taitneamhach chun grá don Ghaeilge a mhúscailt iontu.

Ceisteanna

1. Deirtear nach leor focail a mhúineadh do pháistí ach go bhfuil gá le briathra a mhúineadh dóibh chomh maith. Cén modh nó cur chuige is fearr chun teanga a mhúineadh do pháistí an aois seo? Tuigim go maith go bhfuil ríthábhacht ag baint le hathrá agus le rannta srl ach ní bhím cinnte an ceart simpliú a dhéanamh ar theanga...

2. Tá roinnt den téarmaíocht in Aistear an-chasta do pháistí nach bhfuil Gaeilge acu sa mbaile, conas ar féidir linn mar mhúinteoirí naíonra cinntiú go bhfuil Aistear á chur i bhfeidhm go héifeachtach agus gach téama a phlé againn nuair nach dtuigeann na páistí an téarmaíocht agus na coincheapa ar fad atá ann?

#ForbairtGaeloid

Gaeloideachas

Guth don Oideachas lán-Ghaeilge agus Gaeltachta

Acmhainní

- Suíomh: www.gaeloideachas.ie
- Físeáin ar Youtube: bit.ly/GaeloidYT
- Nuachtlitreacha: bit.ly/NuachtGO
- Grúpa Facebook: facebook.com/Gaeloideachas
- Ábhar bolscaireachta: bit.ly/AbharGaeloid

#ForbairtGaeloid

Gaeloideachas

Guth don Oideachas lán-Ghaeilge agus Gaeltachta

Acmhainní

- Suíomh Gaeilge don Naíonra: https://gaeilgedonnaionra.ie/
- Acmhainní don Naíonra: https://gaeloideachas.ie/acmhainni-naionra/?lang=ga
- Foilseacháin na Naíonraí: https://gaeloideachas.ie/is-muinteoir-oideoir-me/sceimeanna-tacaiochtai-agus-acmhainni-do-scoileanna/foilseachain-gaeloideachas/?lang=ga

#ForbairtGaeloid

Gaeloideachas

Guth don Oideachas lán-Ghaeilge agus Gaeltachta

Míle Buíochas libh as bheith linn!

Teaamháil

eolas@gaeloideachas.ie

01 853 5195

www.gaeloideachas.ie

#ForbairtGaeloid

Gaeloideachas

Guth don Oideachas lán-Ghaeilge agus Gaeltachta